**Leasú 192**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(27) Ceanglais maidir le hinneachar na bhfógraí um thoiliú le táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de OGManna seachas bia nó beatha agus maidir le hinneachar na n-iarratas ar údarú chun bia agus beatha ghéinmhodhnaithe a chur ar an margadh, leagtar síos i bpíosaí difriúla reachtaíochta iad. Chun an chomhsheasmhacht a áirithiú idir na fógraí um thoiliú agus iarratais ar údarú le haghaidh tháirgí TGN de chatagóir 2, ba cheart inneachar na bhfógraí agus na n-iarratas sin a bheith mar an gcéanna, seachas na fógraí agus na hiarratais sin a bhaineann leis an measúnú ar shábháilteacht bhia agus bheatha toisc nach mbíonn siad sin ábhartha ach amháin do bhia agus do bheatha TGN de chatagóir 2.*** | ***scriosta*** |

Or. fr

**Leasú 193**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(28) Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Bia agus Beatha Géinmhodhnaithe (EURL), i gcomhar le Líonra Eorpach na Saotharlann GMO (ENGL), tháinig siad ar an gconclúid nach meastar gurb indéanta an tástáil anailíse le haghaidh na dtáirgí uile a fhaightear trí shó-ghineas spriocdhírithe agus trí chisgineas[51] I gcás nach mbainfidh na modhnuithe ar an ábhar géiniteach a thugtar isteach go sonrach leis an bplanda TGN atá i gceist, ní fhágann siad gur féidir an planda TGN a idirdhealú ó ghnáthphlandaí. I gcásanna nach indéanta modh anailíse a sholáthar lena ndéantar planda TGN a bhrath, a shainaithint agus a chainníochtú, má thugann an fógróir nó an t-iarratasóir údar cuí leis, ba cheart na módúlachtaí, chun ceanglais maidir le modh anailíse a chomhlíonadh, a oiriúnú. Ba cheart é sin a dhéanamh sna gníomhartha cur chun feidhme a ghlactar de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le EURL, agus cúnamh á thabhairt ag ENGL di, chun treoraíocht a ghlacadh le haghaidh iarratasóirí i dtaca leis na híoscheanglais feidhmíochta maidir le modhanna anailíse. Féadfar módúlachtaí a oiriúnú freisin um bailíochtú modhanna a fheidhmiú.*** | ***scriosta*** |

***[51] Líonra Eorpach na Saotharlann GMO (ENGL), Detection of food and feed plant products obtained by new mutagenesis techniques [Táirgí planda bia agus beatha a fhaightear trí theicnící só-ghinis nua a bhrath], 26 Márta 2019 (JRC116289); An 13 Meitheamh 2023 (JRC133689; EUR 31521 EN)***

Or. fr

31.1.2024 A9-0014/194

**Leasú 194**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(29) Le Treoir 2001/18/CE ceanglaítear go mbeidh plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil OGManna ann tar éis scaoileadh réamhbheartaithe na n-orgánach sin nó tar éis iad a chur ar an margadh ach déantar foráil léi maidir leis an tsolúbthacht ó thaobh dhearadh an phlean de, rud lena gcuirtear an measúnú riosca comhshaoil, saintréithe an orgánaigh ghéinmhodhnaithe, an úsáid a bheartaítear dó agus an timpeallacht ghlactha san áireamh. Géinmhodhnuithe i bplandaí TGN de chatagóir 2, féadfaidh idir athruithe nach gá ach measúnú riosca teoranta a dhéanamh orthu a bheith i gceist leo agus athruithe casta a fhágann gur gá anailís níos críochnúla a dhéanamh ar na rioscaí féideartha. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais maidir le faireachán iarmhargaidh i dtaca le héifeachtaí comhshaoil phlandaí TGN de chatagóir 2 a oiriúnú i bhfianaise an mheasúnaithe riosca chomhshaoil agus na taithí i dtrialacha allamuigh, i bhfianaise shaintréithe an phlanda TGN lena mbaineann, i bhfianaise shaintréithe agus scála na húsáide a bheartaítear dó, go háirithe stair úsáid shábháilte an phlanda más ann di agus saintréithe na timpeallachta glactha. Dá bhrí sin, níor cheart é a bheith de cheangal plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil a*** | ***scriosta*** |

***bheith ann mura dócha go mbainfidh rioscaí le planda TGN de chatagóir 2 is gá faireachán a dhéanamh orthu, amhail éifeachtaí gan choinne, moillithe nó indíreacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol.***

Or. fr

**Leasú 195**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(30) Ar chúiseanna na comhréireachta, tar éis don chéad athnuachan a bheith déanta ar an údarú, ba cheart an t-údarú a bheith bailí ar feadh tréimhse neamhtheoranta, mura gcinntear a mhalairt tráth na hathnuachana sin de réir an mheasúnaithe riosca agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoin bplanda TGN lena mbaineann, faoi réir a athmheasúnaithe i gcás ina mbeidh fáil ar fhaisnéis nua.*** | ***scriosta*** |

Or. fr

**Leasú 196**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(31) Ar chúiseanna na deimhneachta dlíthiúla agus an dea-riaracháin, níor cheart síneadh a chur leis an amlíne don Údarás chun a thuairim a thabhairt maidir le hiarratas ar údarú ach amháin i gcás inar gá faisnéis bhreise chun an measúnú ar an iarratas a dhéanamh, agus níor cheart an síneadh a bheith níos faide ná an teorainn ama dá ndearnadh foráil maidir léi i dtosach báire ach amháin más rud é go bhfuil údar cuí leis i bhfianaise chineál na sonraí nó imthosca eisceachtúla.*** | ***scriosta*** |

Or. fr

**Leasú 197**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31)(a) Ar chúiseanna sláinte poiblí agus ar mhaithe le comhlíonadh phrionsabal an réamhchúraim, ba cheart go bhféadfaí síneadh, a fhad is gá, a chur leis an teorainn ama atá ag an Údarás chun a thuairim a thabhairt maidir le hiarratas ar údarú.*** |

Or. fr

**Leasú 198**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(32) Chun an trédhearcacht agus an fhaisnéis do thomhaltóirí a mhéadú, lipéadú táirgí TGN de chatagóir 2 mar OGM, ba cheart a cheadú d'oibreoirí an lipéadú sin a chomhlánú le faisnéis faoin tréith a dtugann an géinmhodhnú dóibh. Chun léirithe míthreoracha nó mearbhlacha a sheachaint, ba cheart moladh le haghaidh lipéadú den sórt sin a sholáthar san fhógra um thoiliú nó san iarratas ar údarú agus ba cheart é a shonrú sa toiliú nó sa chinneadh maidir le húdarú.*** | ***scriosta*** |

Or. fr

**Leasú 199**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(33) Ba cheart dreasachtaí rialála a thairiscint d'fhógróirí nó d'iarratasóirí féideartha le haghaidh plandaí agus táirgí TGN de chatagóir 2 ina bhfuil tréithe ag a bhfuil an acmhainneacht rannchuidiú le córas agraibhia inbhuanaithe, chun forbairt phlandaí TGN de chatagóir 2 a stiúradh i dtreo na dtréithe sin. Leis na critéir sin chun na dreasachtaí sin a spreagadh, ba cheart díriú ar chatagóirí leathana tréithe ag a bhfuil an acmhainneacht rannchuidiú leis an inbhuanaitheacht (amhail iad sin atá nasctha leis an lamhåltas nó leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheacha agus aibitheacha, saintréithe cothaitheacha feabhsaithe nó táirgeacht mhéadaithe) agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar an rannchuidiú leis an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe mar a shainmhínítear in [Airteagal 52(1) den Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas[52] ]. Le hinfheidhmeacht na gcritéar ar fud an Aontais, ní cheadaítear sainmhíniú níos cúinge ar thréithe chun díriú ar shaincheisteanna sonracha nó chun aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí áitiúla agus réigiúnacha.*** | ***scriosta*** |

[52] ***COM(2023) 414. final.***

Or. fr

**Leasú 200**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(34) Is éard ba cheart a bheith i gceist le dreasachtaí nós imeachta brostaithe um measúnú riosca a mhéid a bhaineann le hiarratais arna láimhseáil le nós imeachta iomlán láraithe (táirgí bia agus beatha) agus comhairle réamhthíolactha bhreisithe chun cuidiú le forbróirí an sainchomhad a ullmhú chun críche na measúnuithe comhshaoil agus sábháilteachta bia agus beatha, gan difear a dhéanamh do na forálacha ginearálta maidir le comhairle réamhthíolactha, fógra um staidéir agus comhairliúchán le tríú páirtithe de bhun Airteagail 32a, 32b agus 32c de Rialachán (CE) 178/2002[53] .*** | ***scriosta*** |

***[53] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 031, 1.2.2002, lch. 1).***

Or. fr

31.1.2024 A9-0014/201

**Leasú 201**
**Marina Mesure, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(35) Ba cheart dreasachtaí breise a thabhairt i gcás inar fiontar beag nó meánmhéide (FBM) é an fógróir nó an t-iarratasóir, chun rochtain ag na fiontair sin ar na nósanna imeachta rialúcháin a chur chun cinn, chun tacú le héagsúlú fhorbróirí phlandaí TGN agus chun forbairt na speiceas agus na dtréithe barr trí TGNanna ag póraitheoirí beaga a spreagadh, trí tharscaoileadh táillí a cheadú do FBManna chun na modhanna braite a bhailíochtú agus trí chomhairle réamhthíolactha níos fairsinge lena gcumhdófar dearadh na staidéar freisin atá le déanamh chun críche an mheasúnaithe riosca.*** | ***scriosta*** |

Or. fr


Aontaithe san éagsúlacht